# CLÁR



02 Fáilte an Ardfheidhmeannaigh

04 Ceiliúradh na Scoileanna Lán-Ghaeilge

06 Rialacha Seasta GAELSCOILEANNA TEO.

07 Ainmniúcháin na nOifigeach

08 Ainmniúcháin na nGnáth-Stiúrthóirí

09 Rúin an Chruinnithe Cinn Bliana GAELSCOILEANNA TEO. 2012

12 Tuairisc ar Obair na hEagraíochta, 2012

20 Tuairisc an Rúnaí, 2011

22 Dréacht-mhiontuairiscí ón gCruinniú Cinn Bhliana 2011

27 Ráitis Airgeadais 2011

# Fáilte an Ardfheidhmeannaigh



A Chairde dhil,

Thar ceann GAELSCOILEANNA TEO., is mian liom fáilte mhór ó chroí a chur roimh gach duine atá anseo inár measc do Chomhdháil Bhliantúil agus Oideachais 2012. Cúis áthais dúinn a bheith anseo in óstán an Ard Oileáin, ar imeall Ghaeltacht Chonamara i bhfianaise go bhfuil comhchomhdháil á cheiliúradh againn den chéad uair riamh lenár gcairde agus comhghleacaithe sna scoileanna lán-Ghaeilge fud fad na Gaeltachta. Céim cheannródaíoch do GAELSCOILEANNA TEO. agus d'Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta a bhí sa chinneadh ar chomh-chomhdháil agus tá súil againn go mbeidh an-rath air agus go leanfar leis an gcomhoibriú fiúntach seo. Creidimid gur chun leasa na scoileanna uile an comhchaidreamh seo ó thaobh gréasánú agus malartú saineolais de. Is céim í freisin i dtreo cónasctha, atá á bheartú le dhá bhliain anuas, agus tá súil againn dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an gceist seo, ach na cúinsí tacaíochta agus maoinithe a bheith deimhnithe.

Cuirimid fáilte Uí Cheallaigh roimh bhaill na scoileanna uile ag an gcomh-chomhdháil ar leith seo ó gach cearn den tír, ón nGaeltacht agus lasmuigh di, ón deisceart agus ón tuaisceart. Agus an Rialtas ag cur beart i gcrích chun Straitéis fiche bliain don Ghaeilge a chur i bhfeidhm, táimid cúpla céim chun tosaigh leis an teacht le chéile seo ar na scoileanna lán-Ghaeilge uile sna 32 contae. Cuirfidh an Chomhdháil Oideachais náisiúnta seo deiseanna riachtanacha oiliúna ar fáil chun freastal ar shainriachtanais na scoileanna lán-Ghaeilge – oiliúint nach bhfuil ar fáil ó aon eagras tacaíochta nó soláthraí oiliúna eile ag an leibhéal seo.

Bhíomar i gcónaí an-bhuíoch den Roinn Oideachais agus Scileanna, a d'aithin tábhacht na Comhdhála seo d'oiliúint ghairmiúil na scoileanna lán-Ghaeilge trí chead a thabhairt do scoileanna múinteoir a shaoradh le freastal. Cé nár éirigh lenár n-iarratas ionadaíocht a fháil i bhfianaise ciorruithe, is mór an tábhacht aitheantas oifigiúil na Roinne a fháil d'fhiúntas na Comhdhála do na scoileanna. Tá an Roinn anois ag bagairt orainn, ámh, nach dtabharfar cead do na heagrais oideachais comhdhálacha nó eile a reáchtáil ar laethanta scoile. Chuirfeadh foláireamh mar seo go mór i gcoinne éifeacht na Comhdhála Bliantúla Oideachais seo agus ní bheadh de rogha ach é a reáchtáil thar an deireadh seachtaine. I bhfianaise nach gceadaítear ionadaíocht ar aon nós, ní fheictear dúinn bunús an chinnidh seo agus d'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige do líon na dtoscairí, agus chaillfí deis thábhachtach oiliúna dá bharr. Bheimis anbhuíoch as bhur dtacaíocht i leith stocaireachta ar an Roinn faoi thábhacht na hócáide de réir an mhúnla is mó a fheileann do chlár ama ár mball.

Aithnítear go forleathan go dtugann an Chomhdháil deis do na scoileanna plé a dhéanamh ar shaincheisteanna móra, éisteacht le saineolas ó na scoileanna agus ó na haíonna agus moltaí ar dhea-chleachtais idir scoileanna a roinnt ar a chéile. Táimid an-bhuíoch díobh as an turas a dhéanamh agus tá súil agam go mbeidh sibh uile den tuairim ina dhiaidh gurbh fhiú an tairbhe an iarracht.

Roghnaíomar ***Féinmheastóireacht, Forbairt, Feabhas*** mar mhana na Comhdhála i mbliana. Is tráthúil an mana atá roghnaithe i gcomhthéacs fheidhmiú praiticiúil na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta don Saol. Leanamar leis an téama seo ó anuraidh óir is anois atá scoileanna ag cur na dteoiricí i bhfeidhm. Mar eagraíocht, agus mar earnáil, táimid faoi réir féinmheastóireachta, athbhreithnithe agus forbartha agus is mithid dúinn uile breathnú go fuarchúiseach ar ár dtriall, ár spriocanna agus ar na céimeanna forbartha. I gcomhthéacs na scoileanna lán-Ghaeilge agus forbairtí i dtaobh fheidhmiú na Straitéise, tá an-áthas orainn go mbeidh an Dr Muiris Ó Laoire inár measc mar aoíchainteoir le labhairt faoin Straitéis i gcomhthéacs na pleanála teanga. Is cara mór na heagraíochta é Muiris agus ceannródaí taighde na hearnála agus is mór an onóir dúinn gur ghlac sé leis an tairiscint a bheith ar ais linn lena shaineolas a roinnt linn.



Ó bhí an Chomhdháil Oideachais 2011 ann, is iomaí dúshlán a raibh agus atá ar na scoileanna lán-Ghaeilge agus an eagraíocht seo dul i ngleic leo. Áirím go háirithe an córas iomlán nua a bhaineann leis an bpróiseas aitheantais bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna nua; an riaráiste suntasach atá ann do sholáthar cóiríochta cuí do scoileanna atá i gcúinsí míshásúla agus le fada an lá; an t-athrú tubaisteach ar an gcóimheas múinteoirí le daltaí, an t-easnamh atá ann i dtaobh painéal ath-imlonnaithe do mhúinteoirí na scoileanna lán-Ghaeilge nach bhfuil faoi AN FORAS PÁTRÚNACHTA agus an bundúshlán laethúil atá ag a lán scoileanna chun íoc as costais laethúla agus leanúnacha dá scoileanna. Tá aitheantas ag dul do gach ball de na scoileanna agus do na coistí bunaithe uile agus gan radharc a chailliúint ar an mhórsprioc a bhaineann leis na scoileanna lán-Ghaeilge in ainneoin na gconstaicí, is é sin leibhéal an-ard oideachais a chur ar fáil do na páistí agus é sin i dtimpeallacht shaibhir a dhéanann ceiliúradh ar thábhacht an chultúir agus oidhreacht na tíre trínár dteanga dhúchais.

Beidh bliain dhúshlánach eile romhainn mar eagraíocht, mar earnáil agus mar ghníomhairí ar son an ghaeloideachais in Éirinn. Cibé cuíchóiriú a tharlóidh ar an earnáil agus an eagraíocht, táimid tiomanta agus diongbháilte de leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí tacaíochta riachtanacha ar fáil agus ag déanamh stocaireachta ar an Rialtas chun a chinntiú go ndéanfar an earnáil a threisiú. Leagtar amach sa leabhrán seo tuairisc ar obair na heagraíochta agus fáiltímid i gcónaí roimh bhur n-ionchur san obair atá idir lámha.

Guímid gach rath ar gach scoil lán-Ghaeilge atá inár measc, agus ar ár gcairde nach raibh ar a gcumas nó a n-acmhainneacht a bheith linn. Cuirfear na léachtaí agus sleamhnáin ar www.gaelscoileanna.ie i ndiaidh na Comhdhála chun go mbainfear an leas is fearr astu.

Cuirim fáilte Uí Cheallaigh roimh na scoileanna lán-Ghaeilge atá lonnaithe sa cheantar máguaird, agus ár mbuíochas ar leith leo siúd atá ag cabhrú linn chun a chinntiú go gcuirfear siamsaíocht, ealaín agus ceol álainn na bpáistí ar fáil dúinn.

Tá súil againn go gcuirfear neart ábhar machnaimh agus deiseanna gréasánaithe ar fáil daoibh tríd an gComhdháil seo. Táimid an-sásta go mbeidh ionadaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna linn chun labhairt faoi thábhacht na scoileanna lán-Ghaeilge agus faoi roinnt de mhór-dhúshláin na hearnála. Mar a bhíonn gach bliain, déanfaidh buaiteoirí an chomórtais Scléip taispeántas dúinn agus leanfaimid orainn ag damhsa tríd an oíche ag an gcéilí faoi stiúir Dhiarmada Ua Bhruadair (Coláiste Feirste).

Bainigí tairbhe as na himeachtaí agus taitneamh as bheith i gcomhluadar a chéile don chéad Chomh-chomhdháil Oideachais 2012 do na scoileanna lán-Ghaeilge ar fad.

**Bláthnaid ní Ghréacháin**
**Ardfheidhmeannach**

# Ceiliúradh na Scoileanna Lán-Ghaeilge

Ba mhaith le GAELSCOILEANNA TEO. aitheantas a thabhairt do na scoileanna thíosluaite atá ag ceiliúradh cloch mhíle i saol na scoile i mbliana. Comhghairdeas leo as gach a bhfuil bainte amach acu, agus guímid gach rath orthu sa todhchaí.

**NUA**

**Scoileanna nua sa bhliain 2012:**
Gaelscoil an Chuilinn, Baile an Tirialaigh
Gaelscoil Neachtain, Doire
Gaelscoil Eoghain, Tír Eoghain

**10**

**10 mbliana ar an bhfód:**
Gaelscoil Nás na Ríogh
Gaelscoil Mhuscraí
Gaelscoil Éirne
Gaelscoil Moshíológ
Coláiste Chaitríona, Ard Mhaca

**20**

**20 bliain ag fás:**
Scoil na Fuiseoige
Gaelscoil an Teaghlaigh Naofa
Coláiste na Coiribe, Gaillimh

**30**

**30 bliain faoi bhláth:**
Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc
Scoil Gharbháin

**40**

**40 bliain faoi rath:**
Scoil Mobhí

**50**

**50 bliain faoi shéan:**
Gaelcholáiste Mhuire, Corcaigh

**60**

**60 bliain faoi mhaise:**
Scoil Lorcáin






Gaelscoil Neachtain
Gaelscoil Rialaithe / Controlled Irish Medium Primary School
Bord Oideachais Agus Leabharlainne an Iarthair
Western Education & Library Board











# Rialacha Seasta

## 1. Rúin:

1.1 5 nóiméad ag an moltóir
3 nóiméad ag gach duine eile.

1.2 Glacfar le leasuithe agus cuirfear iad os comhair an chruinnithe ag tosú leis an gceann deiridh. Ní chuirfear leasú atá cealaithe ag leasú a cuireadh roimh ré. Ní mór leasuithe a bheith i scríbhinn. Ní féidir leasú atá contráilte go hiomlán leis an mbunrún a chur.

1.3 Má mholtar rún ní féidir é a tharraingt siar ach le cead an chruinnithe.

## 2. Is féidir na rialacha seasta a chur ar leataobh chun rún nach bhfuil ar an gclár a phlé, ach:

2.1 Dhá thrian a bheith i bhfábhar an rúin a phlé.

2.2 Móramh dhá dtrian ag teastáil le glacadh leis.

## 3. Toghchán don Bhord Stiúrtha

3.1 Roghnóidh baill an réigiúin atá i gceist ionadaí don réigiún sin.

3.2 Toghfar an tUachtarán agus na hOifigigh le móramh simplí ach 50% ar a laghad de na vótaí a chaitear a bheith ag iarrthóir.

3.3 Toghfar baill eile an Bhoird Stiúrtha trí chóras na vótála singile nó iolraí do-aistrithe.

# Ainmniúcháin na nOifigeach 2012

| Ainm | Scoil lena mbaineann | Ainmnithe ag |
|---|---|---|
| **Leas-Uachtarán** | | |
| Pádraig Ó Duinneacha | Scoil Naomh Breandán | Gaelscoil Chnoc na Ré<br>Gaelscoil Longfoirt |
| **Rúnaí** | | |
| Yvonne Ní Mhurchú | Gaelscoil Longfoirt | Gaelscoil Chnoc na Ré |
| **Leas-Rúnaí** | | |
| Clodagh Ní Mhaoilchiaráin | Gaelscoil Bhaile Brigín | Gaelscoil Chnoc na Ré<br>Gaelscoil Longfoirt |
| **Cisteoir** | | |
| Dealgan Ó Ciarubháin | Scoil Chaitríona | Gaelscoil Chnoc na Ré<br>Gaelscoil Longfoirt |
| **Oifigeach Caidrimh Phoiblí** | | |
| Cathnia Ó Muircheartaigh | Coláiste Pobail Osraí | Gaelscoil Chnoc na Ré<br>Gaelscoil Longfoirt |
| **Oifigeach Polasaí agus Pleanála** | | |
| Fíona Uí Uiginn | Coláiste Íosagáin | Gaelscoil Chnoc na Ré |
| Mícheál Ó Broin | Gaelscoil Chnoc na Ré | Gaelscoil Longfoirt |

# Ainmniúcháin na nGnáthstiúrthóirí 2012

| Ainm | Scoil lena mbaineann | Ainmnithe ag |
|---|---|---|
| Cathal Ó Luain | Scoil Chrónáin | Scoil Chrónáin<br>Gaelscoil Chnoc na Ré |
| Mícheál Ó Broin | Gaelscoil Chnoc na Ré | Gaelscoil Chnoc na Ré |
| Hazel Ní Phiogóid | Gaelscoil Riada | Gaelscoil Chnoc na Ré<br>Gaelscoil Longfoirt |
| Elaine Ní Shé | Gaelcholáiste Luimnigh | Gaelscoil Longfoirt<br>Gaelscoil Chnoc na Ré |
| Seán Mag Oireachtaigh | Scoil Chaitríona | Gaelscoil Chnoc na Ré |
| Seán Ó Nuanáin | Gaelscoil Dhonncha Rua | Gaelscoil Chnoc na Ré |
| Norma Ní Chonchúir | Gaelscoil Chill Dara | Gaelscoil Chnoc na Ré<br>Gaelscoil Longfoirt<br>Gaelscoil Chill Dara |
| Póla Ní Chinnsealaigh | Gaelscoil Éadan Doire | Gaelscoil Chnoc na Ré<br>Gaelscoil Longfoirt<br>Gaelscoil Chill Dara |
| Fíona Uí Uiginn | Coláiste Íosagáin | Gaelscoil Longfoirt |
| Aoife Ní Chochláin | Gaelscoil Chill Dara | Gaelscoil Chill Dara |

# Rúin an Chruinnithe Cinn Bliana 2012

## RÚN 1 An Próiseas Aitheantais Nua do Bhunscoileanna

a. Fáiltíonn an Chomhdháil seo roimh an dul chun cinn atá déanta sa phróiseas aitheantais do scoileanna nua agus don tábhacht a bhaineann le sainmheon na Gaeilge a bheith ina chroí-chritéar do rogha tuismitheoirí agus iad ag léiriú a rogha oideachais dá bpáistí.

b. Éilíonn an Chomhdháil seo, go gcaomhnófar agus go gcinnteofar i gcónaí go mbeidh éileamh cruthaithe agus inmharthana ar an ngaelscolaíocht mar chritéar lárnach sa phróiseas aitheantais do bhunscoileanna amach anseo, beag beann ar sholáthar scolaíochta trí mheán an Bhéarla sa cheantar lena mbaineann.

c. Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais agus Scileanna go dtabharfar aitheantas don obair leanúnach atá á dhéanamh ag coistí bunaithe i gceantair nach bhfuil aitheanta ag an Roinn agus go ndéanfar na hiarratais seo a fhaomhadh chun freastal ar an éileamh inmharthana atá cruthaithe.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 2 An Próiseas Aitheantais Nua d'Iar-bhunscoileanna

a. Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais agus Scileanna go dtabharfar aitheantas don obair leanúnach atá á dhéanamh ag coistí bunaithe i gceantair nach bhfuil aitheanta ag an Roinn agus go ndéanfar na hiarratais seo a fhaomhadh chun freastal ar an éileamh inmharthana atá cruthaithe.

b. Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais agus Scileanna go dtabharfar tosaíocht do sholáthar neamhspleách scolaíochta trí mheán na Gaeilge chun sainmheon na scoileanna lán-Ghaeilge a chaomhnú.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 3 Critéir Aitheantas Buan do Ghaelcholáistí

Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna critéir cinnte i gcló agus ar fáil do scoileanna agus do Ghaelscoileanna maidir le haitheantas buan oifigiúil a bhronnadh ar ghaelcholáistí nuabhunaithe.

Gaelcholáiste na Mara

## RÚN 4 Dífheistiú scoileanna: Patrúin & Iolrachas

a. Tacaíonn an Chomhdháil seo le dul chun cinn na Roinne i dtaobh cheist na Pátrúnachta agus an Iolrachais in Earnáil an Bhunoideachais ar mhaithe le cothromaíocht sa soláthar pátrúnachta mar rogha do thuismitheoirí a chinntiú.

b. Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeidh próiseas ceart pleanála i bhfeidhm do scoileanna ar mian leo an sainmheon creidimh a athrú; go mbeidh tacaíocht chuí ar fáil dóibh, go háirithe i leith aistriú theanga na scoile ón mBéarla go dtí an Ghaeilge agus go mbeidh aon athrú bunaithe ar éileamh ar an talamh seachas ag teacht ón mbarr anuas.

c. Éilíonn an Chomhdháil seo go n-aithneoidh an Roinn sainról GAELSCOILEANNA TEO. mar éascaitheoir do scoileanna a dteastaíonn uathu feidhmiú mar scoil lán-Ghaeilge agus go léireofar gach tacaíocht chuí do na scoileanna lena mbaineann.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 5 Cáinaisnéis agus Impleachtaí do Scoileanna

a. Eilíonn an Chomhdháil seo nach gcuirfear breis laghduithe i bhfeidhm ar an deontas caipitil ná ar an gcóimheas múinteoirí le daltaí nó bheadh impleachtaí an-tromchúiseacha aige d'fheidhmiú éifeachtach na scoileanna lán-Ghaeilge.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 6 An Gaeloideachas i gcroílár na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge

a. Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfear na gealltanais uile atá leagtha amach d'fhorbairt an ghaeloideachais i bhfeidhm de réir sceidil agus próisis chomhaontaithe i gcomhar leis na páirtithe cuí.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 7 Dáileadh Múinteoirí i Scoileanna Lán-Ghaeilge

I gcomhthéacs an dushlán faoi leith atá ag scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge, go leanfaí leis an stádas reatha maidir leis an tacaíocht bhreise i bhfoirm dáileadh múinteoirí.

Coláiste na Coiribe

## RÚN 8 Forbairt na nAonad lán-Ghaeilge

Éilíonn an Chomhdháil seo go dtabharfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna aitheantas oifigiúil do pholasaí GAELSCOILEANNA TEO. ar fhorbairt na nAonad lán-Ghaeilge agus go n-aontófar plean gnímh i gcomhar lena chéile chun stádas, riachtanais agus acmhainní na nAonad lán-Ghaeilge a fheabhsú.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 9 Painéal ath-imlonnaithe i bhfeidhm do mhúinteoirí

a. Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfear painéal ath-imlonnaithe do mhúinteoirí i ngaelscoileanna faoi gach pátrún i bhfeidhm láithreach.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 10 Soláthar Cóiríochta do Scoileanna le hAitheantas Buan

a. Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeidh trédhearcacht níos fearr ann sa chlár tógála agus go dtabharfar tosaíocht do scoileanna le haitheantas buan atá ag fanacht le blianta fada ar chóiríocht bhuan.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 11 Tacaíocht Foghlama

Éilíonn an Chomhdháil seo go dtacóidh an Roinn Oideachais agus Scileanna le tacaíocht foghlama don Ghaeilge i scoileanna arb í an Ghaeilge an gnáthmheán teagaisc iontu.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 12 Athstruchtúrú ar Earnáil Dheonach na Gaeilge

a. Tacaíonn an Chomhdháil seo le hathstruchtúrú ar earnáil dheonach na Gaeilge a bheadh chun leasa earnáil na gaelscolaíochta go háirithe.
b. Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeidh nasc láidir idir aon struchtúr nua maoinithe agus Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge, straitéis Fhoras na Gaeilge agus ról na n-eagraíochtaí iontu agus go mbeidh fiúntas agus éifeacht an struchtúir nua mhaoinithe léirithe agus faofa sa taighde.
c. Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeidh todhchaí sheasmhach inmharthana ag an earnáil ghaeloideachais trí chóras ceart maoinithe a bheith ar fáil.
d. Éilíonn an Chomhdháil seo go dtabharfar aitheantas do thábhacht na hoibre a bhíonn idir lámha ag GAELSCOILEANNA TEO. chun leasa na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal trí struchtúr cuí maoinithe a chur i bhfeidhm.
e. Éilíonn an Chomhdháil seo go léireoidh Foras na Gaeilge agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta tacaíocht do chónascadh foirmiúil GAELSCOILEANNA TEO. agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta trí struchtúr cuí maoinithe a chur i bhfeidhm.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 13 An Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta

a. Cáineann an Chomhdháil seo an t-easnamh atá sa straitéis maidir le litearthacht don Ghaeilge sna scoileanna lán-Bhéarla agus éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfear an riachtanas seo san áireamh mar thosaíocht sa phróiseas monatóireachta agus athbhreithnithe a dhéanfar ar an Straitéis.
b. Éilíonn an Chomhdháil seo go ndéanfar beart de réir briathair agus go gcuirfear na háiseanna tacaíochta agus measúnaithe ar fáil atá in oiriúint do chóras na gaelscolaíochta.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 14 Siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta Ardleibhéil

a. Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfear ábhar nua ar fáil anois a thabharfaidh deis do na daltaí ar mian leo ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge scileanna i scríobh agus léamh na teanga a fhorbairt ionas go mbeidh siad in ann oideachas ceart a fháil sa Ghaeilge agus go mbeidh na scileanna acu le tabhairt faoi na hábhair acadúla eile trí mheán na Gaeilge.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 15 Caomhnú COGG

a. Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfear deireadh leis na bagairtí leanúnacha faoi thodhchaí COGG agus go gcuirfear an tacaíocht chuí agus riachtanach ar fáil trí bhreis foirne a cheadú láithreach.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 16 Comhdháil Bhliantúil

a. Cáineann an Chomhdháil seo fógraíeamh nua na Roinne Oideachais agus Scileanna nach reáchtálfar an Chomhdháil bhliantúil Oideachais seo ar lá scoile agus éilíonn an Chomhdháil go n-aithneofar riachtanais na sainoiliúna ar leith seo do na scoileanna lán-Ghaeilge trí thacaíocht a léiriú do reáchtáil na hoiliúna de réir an mhúnla agus an sceidil is feiliúnaí agus is fadbhunaithe.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

# Tuairisc ar Obair na hEagraíochta 2012

Leagtar amach thíos léargas ar obair na heagraíochta ó Chomhdháil Bhliantúil 2011 de réir 3 phríomhréimse oibre na heagraíochta:-

1. **Bunú Scoileanna**
2. **Buanú Scoileanna**
3. **Forbairt Scoilphobail**

## 1 BUNÚ SCOILEANNA

### Bunleibhéal

D'oscail Gaelscoil amháin sa bhliain 2012, is í sin *Gaelscoil an Chuilinn, Baile an Tirialaigh, BÁC 15* faoi stiúir chumasach an Phríomhoide nua Fergus Ó Conghaile ar an 30 Lúnasa, le 15 dhalta, múinteoir agus príomhoide. Tá an scoil i mbun dianfheachtais le daltaí a chlárú agus tá líon suntasach páistí cláraithe leo do 2013 agus 2014. Guíonn an eagraíocht gach rath ar an scoil dá todhchaí.

### Bunscoileanna nua do 2013

Is iad na ceantair atá aitheanta do ghaelscoileanna nua don bhliain 2013 ná:

- Teach na Giúise/An Seanbhábhún, Baile Átha Cliath 24 (An Foras Pátrúnachta)
- An Chéim, Baile Átha Cliath 18 (An Foras Pátrúnachta)
- Cnoc na Cathrach, Gaillimh. Tá pátrúnacht na scoile seo le socrú go fóill idir Coiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe agus An Foras Pátrúnachta. Tá ceist an tsoláthair agus cúrsaí cóiríochta sa soláthar reatha ina cheist phráinneach i gcomhthéacs aon phlé faoi sholáthar úr.
- Luaigh tuarascáil na Roinne go bhfeadfaí gaelscoil faoin bhForas Pátrúnachta a bhunú i gCill Dara sa bhliain 2014 má tá éileamh ann.

### *Biorra*

Tá coiste bunaithe láidir i mBiorra ag saothrú ar son soláthar gaeloideachais le cúpla bliain anuas agus tá an ceantar ainmnithe i dtuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh ag an bhFóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais mar cheantar ina bhféadfadh go mbeidh dífheistiú pátrúnachta scoile i gceist. Níl dul chun cinn déanta ag an gcoiste bunaithe ann ina bplé le scoileanna an cheantair maidir le gaelscolaíocht a chur ar fáil, ach tá gach eolas agus tacaíocht á gcur ar fáil ag an Oifigeach Forbartha don choiste, mar aon le treoir agus cúnamh faoi phobal Gaeilge a chothú sa cheantar ar mhaithe le héileamh láidir a chruthú agus a chothú.

### Gaelscoileanna Nua trí Aistriú Sainmheoin Teanga trí Chúnamh agus Treoir GAELSCOILEANNA TEO.

Tá *Scoil Náisiúnta an Chlocháin, Tuam, Co. na Gaillimhe,* Scoil le 2 mhúinteoir agus 13 dhalta san iomlán ag feidhmiú mar ghaelscoil ó Mheán Fómhair 2012. Tá an rang naíonáin agus na ranganna ceoil agus ealaíne á múineadh trí Ghaeilge faoi láthair, agus thosaigh cúigear sa scoil sa bhliain 2012, le fás suntasach ar rollacháin do na blianta 2013-2015.

Tá *Kinaffe National School, Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo,* scoil le 2 mhúinteoir agus 18 ndalta san iomlán i mbun taighde agus plé le GAELSCOILEANNA TEO. maidir le haistriú ina gaelscoil. Tá éileamh ag teacht ón bpobal (tá naíonra i mBéal Átha na Muice) agus tá foireann na scoile i bhfabhar an athraithe. Tá an cheist á plé ag leibhéal an Phatrúin (an Eaglais Chaitliceach) go leanúnach.

### Iar-bhunscoileanna

D'fhógair an Roinn Oideachais agus Scileanna **Pátrúnacht na n-iarbhunscoileanna nua,** de réir an chórais nua chun aitheantas a bhronnadh ar scoileanna nua. Dheimhnigh an Roinn Oideachais gur scoileanna lán-Ghaeilge a bheidh sna hiar-bhuscoileanna nua a osclófar Meán Fómhair 2014 i **nDún Droma, Baile Brigín agus Carraig Uí Leighin** agus go bhfuil Aonad lán-Ghaeilge le bunú san iar-bhunscoil nua **i Maigh Nuad.** Is scoileanna il-sainchreidmheacha agus comhionannais faoi phátrúnacht AN FORAS PÁTRÚNACHTA a bheidh sa 2 iar-bhunscoil lán-Ghaeilge nua atá beartaithe do Bhaile Átha Cliath, Baile Brigín agus Dún Droma. Is

faoi Choiste Gairmoideachais Co. Chorcaí a bheidh an iar-bhunscoil nua i gCarraig Uí Leighin.

Is é Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara a aithníodh mar phátrún ar an scoil nua atá le bunú i Maigh Nuad, agus tá Aonad lán-Ghaeilge le bunú sa scoil i gcomhairle leis AN FORAS PÁTRÚNACHTA mar aitheantas ar an éileamh fíor-láidir atá ar an ngaelscolaíocht sa cheantar. Tá breis agus 1,550 páiste ag freastal ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge i Maigh Nuad, Cill Choca, Léim an Bhradáin agus Dún Búinne agus tabharfaidh an tAonad seo deis dóibh leanúint lena gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge. Tá sé luaite ag an Aire Oideachais go mbeidh deis aige amach anseo fás ina scoil neamhspleách. Cuireann GAELSCOILEANNA TEO. fáilte ar leith roimh an deimhniú seo agus táimid ag obair go leanúnach leis na pátrúin agus leis an Roinn Oideachais ar fhorbairt an mhúnla nua seo.

### Bunú Aonad nua 2013

Tá i gceist ag *St. Brendan's College,* Cill Airne, Aonad a oscailt sa scoil i gcomhar le *St. Bridget's,* scoil na gcailíní atá béal dorais leo. Tá iarratas foirmiúil déanta acu leis an ROS. Chuir an ROS in iúl nach mbeidís i bhfabhar fhás an Aonaid go scoil neamhspleách agus tá GAELSCOILEANNA TEO. ag plé na ceiste go leanúnach leis an Roinn ar mhaithe le todhchaí inmharthana an Aonaid/na scoile a chinntiú.

### Tuarascáil an Fhóraim faoi Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais

Foilsíodh an tuarascáil ar **Phátrúnacht agus Iolrachas sna Bunscoileanna** ar an 9 Aibreán 2012. Bhí GAELSCOILEANNA TEO. an-sásta leis an aitheantas a tugadh dá chuid moltaí agus gur tógadh san áireamh iad den chuid is mó. Tá an eagraíocht ag obair i gcomhar leis an Roinn chun na moltaí mar a bhaineann leis an ngaeloideachas a fhorbairt agus cuireadh eolas cuimsitheach maidir leis an ngaelscolaíocht agus seirbhísí tacaíochta na heagraíochta faoi bhráid Rannóg Pleanála an ROS agus na bpátrún ionchasach sna ceantair ina mbeidh comhairliúchán leis an bpobal maidir le dífheistiú pátrúnachta scoile. I measc na gceantar a aithníonn GAELSCOILEANNA TEO. easpa soláthair gaelscolaíochta ag an mbunleibhéal a bheith iontu, tá Biorra, Cill Droichead, Ceanannas, Cill Dara, Mullach Íde, Ros Mhic Thrúin, An Pasáiste (Passage West), Port Mearnóg, Ros Cré, Na Sceirí, Fionnbhrú (Whitehall), Baile Átha Cliath 6 & 8. Tá an eagraíocht ag obair go leanúnach leis an Roinn agus na patrúin chun soláthar gaelscolaíochta sna ceantair seo a chinntiú.

I dtaobh na gcritéar aitheantais do scoileanna nua leag GAELSCOILEANNA TEO. le linn a chuid idirphlé leis an Roinn agus na páirtithe uile an-bhéim ar bhunriachtanais fhorbairt na hearnála, is é sin gur buncheart é go **mbeadh éileamh cruthaithe agus inmharthana ar an ngaelscolaíocht mar chritéir lárnach sa phróiseas aitheantais** do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna amach anseo, beag beann ar sholáthar scolaíochta trí mheán an Bhéarla sa cheantar lena mbaineann ná ar cheisteanna tíreolaíochta.

Mar chéim phleanála, rinne an tOifigeach Forbartha **anailís ar liosta na Roinne do cheantair a mbeidh soláthar scolaíochta de dhíth iontu trí chomhairliúchán leis na scoileanna** lán-Ghaeilge agus cuimsíodh na tosca seo a leanas:-

- a Soláthar gaelscolaíochta ann cheana (ag na leibhéil faoi seach)
- b Cumas na scoileanna freastal ar an éileamh ar ghaelscolaíocht faoi láthair
- c Líon na bpáistí nach bhfuair áit sa scoil anuraidh
- d Forbairt atá beartaithe don scoil
- e Staid chóiríocht na scoileanna atá bunaithe cheana féin.

Tá an eagraíocht i mbun plé leanúnach leis an Roinn maidir leis na ceantair uile atá aitheanta ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal do sholáthar nua, ag tógáil na hanailíse thuasluaite san áireamh. Tá stocaireacht á déanamh go leanúnach freisin ar son na gcoistí bunaithe atá ag obair go gníomhach i gceantair eile nach bhfuil ar liosta reatha na Roinne. Léirigh an Roinn go mbeidís sásta obair i gcomhar linn chun teacht ar mholtaí faoi conas is féidir freastal orthu, ach gur gá go mbeadh aon fhorbairtí costas-neodrach. Tá an eagraíocht i mbun próiseas inmheánach maidir le leasú, forbairt agus dréachtú polasaithe i leith bunú scoileanna nua sa todhchaí. Aithníonn an eagraíocht an riachtanas a bhaineann le polasaithe ar mhúnlaí nua a fhorbairt a shásódh éileamh ar an ngaelscolaíocht ón bpobal.

## 2. BUANÚ SCOILEANNA

### Forbairt na nAonad lán-Ghaeilge

Bhuail toscaireacht na heagraíochta le leas-Rúnaí an ROS, Kevin McCarthy, le cás na nAonad a phlé leis. Pléadh polasaí nua-fhorbartha na heagraíochta leis agus aontaíodh go leanfaí le sraith cruinnithe chun polasaí an ROS i leith na n-aonad a fhorbairt i gcomhar leis an eagraíocht. Lárnach sa pholasaí seo, aithnítear céimeanna forbartha inmholta chun neamhspleáchas an Aonaid a bhaint amach le feidhmiú mar scoil lán-Ghaeilge inti féin.

### Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

Reáchtáladh cruinniú straitéiseach idir Bord Stiúrtha GAELSCOILEANNA TEO. agus Máire Killoran, Stiúrthóir Aonad na Gaeilge atá freagrach as pleanáil agus feidhmiú na Straitéise a threorú agus Príomhchigire na Roinne, Harold Hislop. Cruinniú an-fhiúntach a bhí ann chun spriocanna straitéiseacha chur chun cinn an ghaeloideachais a phlé agus moltaí coincréiteacha a dhéanamh.

### Soláthar cóiríochta do scoileanna le haitheantas buan

Ní féidir ceist an tsoláthair do scoileanna nua a bhrú chun cinn gan réiteach a bheith ar cheisteanna cóiríochta do na scoileanna atá ann cheana agus atá sna ceantair atá aitheanta ag an Roinn. Úsáideann an eagraíocht an t-eolas a bhailítear ó scoileanna trí na foirmeacha staitisticí, ó chuairteanna ar scoileanna agus ó aon eolas eile a chuireann scoileanna chugainn mar áis tacaíochta agus muid ag plé leis an Roinn faoi staid chóiríocht na scoileanna. Déantar cás i gcónaí sna comhchainteanna leis an ROS ar son na scoileanna uile atá i gcóiríocht shealadach, mhí-oiriúnach le blianta fada.

Tá toscaireacht na heagraíochta i ndiaidh cruinnithe a bheith acu leis an rannóg pleanála sa Tulach Mhór cúpla uair maidir le scoileanna nach bhfuil ar an liosta tógála reatha agus a bhfuil cás láidir acu. Lorgaíodh sonraí ó scoileanna chun an cás a iomlánú agus tá tréan-iarrachtaí ar bun chun cás na scoileanna lán-Ghaeilge a fheabhsú agus cothrom na féinne a thabhairt dóibh.

### Cuíchóiriú na hearnála deonaí

Tá mór-athruithe ag tarlú in earnáil bhunmhaoinithe Fhoras na Gaeilge go leanúnach le cúpla bliain anuas, le hathstruchtúrú beartaithe agus an cur chuige á fhorbairt ag Foras na Gaeilge. Tá an-chuid ama agus acmhainní caite ag an eagraíocht ar an gceist seo le tamall fada anuas agus tá súil again go mbeidh réiteach ar an gceist go luath agus go mbeidh deis againn díriú níos mó ar ár gclár oibre agus ar riachtanais na scoileanna lán-Ghaeilge.

Mar is eol don phobal, cuireadh deireadh le samhail mhaoinithe a bhí beartaithe ag Foras na Gaeilge trí bhrú ón bpobal a bhí iomlán míshásta leis an gcur chuige iomaíoch a bhí beartaithe, a chuirfeadh an earnáil dheonach Ghaeilge faoi bhagairt ollmhór. Creidimid gur féidir an earnáil a láidriú trí luach ar airgead a chinntiú agus comhoibriú níos éifeachtaí a chur chun cinn trí shainscileanna agus saineolas a roinnt idir eagraíochtaí agus trí chur chuige níos comhordaithe san earnáil trí chéile. Chuige seo, tá comhpháirtíocht agus trédhearcacht á n-éileamh go leanúnach ag na heagrais Ghaeilge ar an bhForas mar aon le bunphrionsabal i dtaobh fhréamhú aon chórais nua i bprionsabail na pleanála teanga.

Tá GAELSCOILEANNA TEO. ag déanamh anailíse ar na féidearthachtaí ar fad atá ar fáil dóibh chun a chinntiú go mbeidh earnáil láidir gaeloideachais ann, lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le cónascadh le hEagraíocht na Scoileanna Gaeltachta chun go mbeadh aon eagras amháin uile-oileáin ag forbairt earnáil an oideachais lán-Ghaeilge. Tá comhchainteanna ar bun idir an dá eagras le breis agus 2 bhliain anuas agus roinnt mhaith dul chun cinn déanta ar an gceist. Tá cónascadh foirmiúil faoi réir chomhaontú na maoinitheoirí faoi seach, ámh, maidir le struchtúr cuí maoinithe an eagrais nua a chinnteoidh todhchaí inmharthana, agus faoi réir chomhaontú ár mball. Coinneofar scoileanna ar an eolas faoi aon fhorbairtí tábhachtacha agus déanfaidh an eagraíocht gach iarracht a chinntiú gur earnáil láidir chumhachtach a bheidh mar thoradh ar aon athstruchtúrú.

### An córas luath-thumoideachais

Cé nár eisíodh riamh an ciorclán do na gaelscoileanna a shoiléireoidh gur ceadmhach dóibh teagasc an Bhéarla a chur siar go dtí deireadh an cheathrú téarma (Nollaig sna Naíonáin Mhóra) má shocraíonn an Bord Bainistíochta an polasaí sin a chur i bhfeidhm sa scoil, de réir ár dtuisceana tá an-chuid scoileanna ag cur an chórais nua luath-

thumoideachais i bhfeidhm agus tá toradh an-fhiúntach léirithe ag na scoileanna seo. D'fhorbair an eagraíocht bileog eolais mar chúnamh do scoileanna dul i bhfeidhm ar na tuismitheoirí faoi na buntáistí lena mbaineann a thuiscint agus scaipeadh go forleathan é. Tá fianaise ann go bhfuil an córas ag láidriú ó bhonn agus go bhfuil muinín na scoileanna ag ardú agus iad ag plé le tuismitheoirí agus leis an gcigireacht faoi fheidhmiú an chórais.

## Forbairt ghairmiúil scoileanna

Tá forbairt déanta ag an eagraíocht ar an gcomhoibriú leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus pléitear go leanúnach na bealaí chun leas éifeachtach a bhaint as seirbhísí oiliúna a chéile. Déantar comhordú ar an dá chlár bhliantúla oiliúna faoi seach chun go mbeidh siad ag tógáil ar a chéile agus chun nach mbeidh trasnaíl ann. Is tús an-mhaith é an comhchaidreamh seo agus tá a lán forbairtí beartaithe mar chomhthionscadail.

## Ceardlann ar fhorbairt na Matamaitice i gcomhthéacs na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus don Saol 2011 – 2020

Mar chúnamh praiticiúil do scoileanna, reáchtáil GAELSCOILEANNA TEO. seimineár oiliúna dar teideal **Forbairt na Matamaitice sa Chóras Tumoideachais** ar an 21 Márta 2011. Bhí sé mar aidhm ag an seimineár seo cabhrú le múinteoirí naíonáin, agus múinteoirí suas go rang 2 sna bunscoileanna lán-Ghaeilge go háirithe, dul i ngleic go dearfach le forbairt scileanna na matamaitice. Bhí freastal an-mhaith air agus d'éirigh thar barr leis.

## Forbairt Bhoird Bhainistíochta na Scoileanna

Reáchtáladh oiliúint ar an modúl *Nósanna Imeachta Ceapacháin* i Sligeach, BÁC, Cill Chainnigh, Corcaigh agus Inis, le cúnamh ollmhór ó oiliúnóirí ón earnáil (príomhoidí den chuid is mó) agus i gcomhpháirt leis AN FORAS PÁTRÚNACHTA. Bhí freastal maith air, agus aiseolas fiúntach agus dearfach faighte. Déanfar oiliúint ar an gcéad mhodúl eile a reáchtáil roimh dheireadh na bliana.

## Líonra Réigiúnach do Scoileanna

Leanadh le bunú Líonraí Réigiúnacha ar mhaithe le gréasán tacaíochta a spreagadh idir scoileanna, le go mbeidh deiseanna rialta ag scoileanna saineolas agus taithí a roinnt ar a chéile, dúshláin a phlé agus obair i dteannta a chéile. Tá an tír roinnte i 16 réigiún againn (tá sonraí na réigiún le fáil ar an suíomh gréasáin)



agus tá cruinnithe á n-eagrú i ngach ceann acu siúd ag a dtugtar cuireadh do phobail uile na scoileanna áitiúla agus coistí bunaithe lonnaithe sa cheantar bualadh le chéile i dteannta ionadaí ón eagraíocht. Tá 4 chruinniú beartaithe don tréimhse MFNoll. 2012 agus 2 don tréimhse Ean-Meith 2013. Tá dátaí na gcruinnithe le socrú go fóill. Is iad na réigiúin atá i gceist ná: Dún na nGall; Cill Dara agus Baile Choimín; Co. Chiarraí; Tiobraid Árainn agus Port Láirge; Cill Chainnigh, Ceartharlach agus Loch Garman.

## Coiste Seasta Thuaidh/Theas ar an nGaeloideachas

Tá obair an Choiste Seasta Thuaidh/Theas ar an nGaeloideachas ag dul ar aghaidh go leanúnach, coiste a bhfuil mar sprioc aige comhoibriú agus comhthuiscint i measc na n-eagraíochtaí a bhíonn ag plé leis an ngaelscolaíocht sa dá dhlínse a chur chun cinn. Is í Ardfheidhmeannach na heagraíochta atá mar Chathaoirleach reatha ar an gcoiste. Bhain roinnt mhaith d'obair na bliana agus an Chathaoirligh ach go háirithe le maoiniú a dheimhniú do chlár oibre an choiste, chun leasa na scoileanna, agus tá roinnt dul chun cinn déanta ar an gceist seo.

Forbraíodh clár Comhdhála 2 lá ar Cheannasaíocht na Scoileanna Lán-Ghaeilge, oiliúint nár cuireadh ar fáil riamh cheana ar shainriachtanais na ngaelscoileanna agus a bheidh dírithe ar gach bunscoil lán-Ghaeilge ar bhonn 32 contae, Gaeltacht san áireamh. Bhí socruithe curtha i bhfeidhm do reáchtáil na comhdhála do mhí Lúnasa 2012 ach faraor bhí orainn cinneadh a ghlacadh gan dul ar aghaidh leis an tráth sin de bharr nár fheil an t-am seo den bhliain do phríomhoidí ná do leas-príomhoidí freastal ar chomhdhálacha. Beidh sé i gceist é a chur ar siúl arís le linn na bliana ar Aoine agus Satharn ag am den bhliain a bheadh níos oiriúnaí chuige. Tá an ROS agus an SFGM go mór i bhfabhar reáchtáil na comhdhála



seo agus roinnfear dátaí go luath – dátaí a bheidh feiliúnach do scoileanna uile an dá dhlínse.

## Coiste Thuaidh/Theas ar Oiliúint Múinteoirí san scoileanna lán-Ghaeilge

Tá GAELSCOILEANNA TEO. mar bhall den choiste thuaidh/theas ar oiliúint múinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge i gcomhar le Comhairle na Gaelscolaíochta agus ionadaithe na seirbhísí tacaíochta ón dá Roinn Oideachais (SFGM agus CASS). An aidhm a bhaineann leis an tionscadal ná oiliúint múinteoirí a chur chun cinn trí chomhoibriú thuaidh/theas. Tá cúpla tionscadal idir lámha le cúpla bliain anuas a éascaíonn: forbairt scileanna scríbhneoireachta, forbairt scileanna uimhearthachta, deis do mhúinteoirí ón tuaisceart cuairt a thabhairt ar scoileanna ó dheas agus freastal ar an gComhdháil Bhliantúil chomh maith le deis a bheith ag múinteoirí ó dheas amhlaidh a dhéanamh ó thuaidh. Baineann na tionscadail faoi láthair le fócasghrúpaí beaga comhdhéanta de 6 scoil ó dheas agus 6 scoil ó thuaidh agus tá beartais idir lámha chun go mbeidh buntáistí na dtionscadal á leathnú ar an ngréasán do gach bunscoil. Gabhaimid buíochas mór ó chroí le T.J. Ó Ceallaigh go háirithe, a rinne an obair seo a chomhordú do mhúinteoirí an deiscirt.

## Scéim phíolótach ar an aistriú ón naíonra chuig an mbunscoil lán-Ghaeilge

Tá scéim phíolótach á reáchtáil in dhá cheantar idir an ghaelscoil áitiúil agus na naíonraí atá bainteach leo. Tá an dá cheantar ag baint trialach as cúpla moladh atá sa treoirleabhar, *An Traein,* mar aon le roinnt dá mholtaí féin agus tá plé leanúnach idir an comhordaitheoir agus na scoileanna/naíonraí. Tá coiste comhairleach curtha le chéile le tacú leis an gcomhordaitheoir agus buaileann an coiste le chéile go rialta le dul chun cinn na scéime a phlé. Bronnadh pacáiste ar thuismitheoirí na bpáistí atá bainteach leis an scéim chun cabhrú leo cabhrú lena bpáistí i leith na Gaeilge le linn an tsamhraidh. Beidh tuairisc ar conas mar a d'éirigh leis an scéim le linn na Comhdhála i mbliana.

## Foilseacháin Nua

Foilsíodh le linn na bliana, i gcomhpháirt le AN FORAS PÁTRÚNACHTA, **Lámhleabhar do Phríomhoidí nua,** atá mar áis tacaíochta agus treorach do phríomhoidí nua sna bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Tá ***Ár bPolasaí Gaeilge*** á uasdátú agus á fhorbairt faoi láthair do bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Táimid an-bhuíoch díobh siúd a chomhlíon an suirbhé ina leith agus tá an t-aiseolas á úsáid ag Niamh Ní Mhaoláin, atá ina heagarthóir ar an bhfoilseachán. Tá súil againn go mbeidh an t-eagrán nua ar fáil do na scoileanna go luath san athbhliain.

Táimid ag forbairt **polasaí Gaeilge do na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge** agus tá súil againn aiseolas a fháil ó na scoileanna féin faoi chlár ábhair. Tá sé mar sprioc polasaí a fhorbairt a dhíreoidh ar chur chun cinn na Gaeilge lasmuigh den rang Gaeilge agus sa scoil/i gcomhphobal na scoile i gcoitinne.

Tá **Treoirleabhar ar Fhorbairt an Scoilphobail** á fhorbairt faoi láthair, a bheidh á fhoilsiú roimh dheireadh na bliana i bhfoirm PDF. Tá breis eolais faoi thíos sa rannóg Forbairt Scoilphobail.

Tá scoileanna ag léiriú an-sástachta leis an **nuachtlitir leictreonach** atá á foilsiú gach ráithe ar an suíomh agus tríd an gcóras ríomhphoist chuig gach scoil lán-Ghaeilge ar bhonn 32 contae. Táimid an-sásta leis an aiseolas ó na scoileanna agus is breá linn na scéalta agus na grianghraif a fheiceáil ag teacht isteach a chuireann go mór leis an nuachtlitir. Leanaigí oraibh ag cur ábhair chugainn!

## Forbairt an tSuímh Gréasáin

Tá an-chuid forbartha déanta ar an suíomh, laistigh d'acmhainní na hoifige. Áirítear ina measc:-

a. Seirbhís nuachta a chuimsíonn preasráitis na heagraíochta, gearrthóga ó na meáin agus scéalta ón scoilphobal, ar fáil mar fhotha RSS nó

ar shíntiús ríomhphoist, uasdátaithe go laethúil, ceannlínte ar an leathanach baile

b. Léarscáil a léiríonn na scoileanna (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal) agus na ceantair ina bhfuil suim léirithe ag an bpobal scoileanna nua a bhunú
c. Rannóg ar obair an Choiste Sheasta Thuaidh/Theas ar an nGaeloideachas
d. Bunachar taighde (á fhorbairt go leanúnach)
e. Ábhar na gceardlann ó na seisiúin oiliúna éagsúla agus na comhdhálacha bliantúla 2008 go dáta
f. Eolas do thuismitheoirí – ceisteanna coitianta, buneolas ar an ngaelscolaíocht, tacaíochtaí agus acmhainní

Tá rannóg phríobháideach do bhaill na heagraíochta (is é sin, na scoileanna atá cláraithe mar bhaill de GAELSCOILEANNA TEO.) á forbairt againn i láthair na huaire – áit a mbeidh deis ag múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus foireann eile na scoile acmhainní a chomhroinnt. Cuirfear fáilte roimh ábhar don rannóg seo ó na scoileanna agus tabharfar creidiúint don údar nuair a fhoilseofar ar an suíomh é. Tuigimid an dúshlán a bhíonn ann d'fhoireann na scoileanna lán-Ghaeilge teacht ar ábhar atá feiliúnach agus i nGaeilge agus mar sin is fiú go mór bheith ag obair as lámha a chéile agus ag laghdú an ualaigh oibre dá chéile. Beidh spás sa rannóg seo d'aon rud a shíleann na scoileanna a bhfuil luach leis: bileoga oibre, rannta agus amhráin, cluichí, pacáistí eolais do thuismitheoirí nua, nótaí aistrithe, nó eile.

## 3. FORBAIRT SCOILPHOBAIL

Tá forbairt á dhéanamh ag an eagraíocht le bliain anuas maidir leis an ngné seo dár gclár oibre, ar réimse fíorthábhachtach é i gcomhthéacs spriocanna comhlántacha na scoileanna lán-Ghaeilge, eadhon, oideachas den scoth a chur ar fáil agus pobal láidir Gaeilge a chothú sa scoil, tríd an scoil agus thart timpeall uirthi. Mar chuid bhunúsach den fhorbairt seo, tá **Treoirleabhar ar Fhorbairt an Scoilphobail** á fhorbairt faoi láthair, a bheidh á fhoilsiú roimh dheireadh na bliana. Bailíodh eolas ó na scoileanna ag an dá leibhéal, Gaeltacht san áireamh, faoina dtuiscint siúd móide moltaí i dtaobh fhorbairt an scoilphobail. Táimid an-bhuíoch díobh siúd a chomhlánaigh an suirbhé faoi 'An Ghaeilge agus Pobal na Scoile'. Pléifear aiseolas ón taighde ag an gcomhdháil féin agus beidh tuilleadh deiseanna ionchur a dhéanamh i bhforbairt an treoirleabhair. Foilseofar é i bhfoirm PDF agus beidh sé ar fáil ó www.gaelscoileanna.ie.

I measc na seirbhísí tacaíochta eile a chuireann an eagraíocht ar fáil le forbairt scoilphobail a chur chun cinn, áirítear:

- Seirbhís nuachta agus scaipeacháin eolais, uasdátaithe ar www.gaelscoileanna.ie go laethúil le go mbeidh scoileanna ar an eolas maidir le himeachtaí, scéimeanna agus deiseanna d'fhorbairt scoilphobail. Cuimsíonn an tseirbhís scéalta ón eagraíocht, nuacht ábhartha ó na meáin, scéalta ó na scoileanna féin agus scéalta ó eagraíochtaí a chuireann seirbhísí, etc. ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge mar aon le deiseanna fógraíochta do na heagraíochtaí seo chomh maith.
- Féilire ar www.gaelscoileanna.ie a chlúdaíonn imeachtaí ábhartha do na scoileanna ó na foinsí thuasluaite
- Nuachtlitir na heagraíochta
- Liosta ar www.gaelscoileanna.ie d'eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do scoileanna agus mórphobal na Gaeilge
- Seirbhís chomhairleach do scoileanna rannpháirteacha sa Líonra Réigiúnach, do choistí bunaithe agus coistí pobail maidir le plé a bheith acu le heagraíochtaí Gaeilge náisiúnta agus áitiúla, le pobal na scoile a fhorbairt agus/nó lena bhfeachtais le scoileanna a bhunú a chur chun cinn
- Comhfhiontar *An Traein* le Forbairt Naíonraí Teo. le moltaí maidir le conas is féidir le naíonra agus bunscoil lán-Ghaeilge comhoibriú chun leasa an aistrithe do na páistí atá ag bogadh ón naíonra chuig an ngaelscoil
- Plé le Forbairt Naíonraí Teo. agus Foras na Gaeilge maidir le ciste infheistíochta a úsáid le bunú cúram iarscoile Lán-Ghaeilge á phleanáil
- Deiseanna poiblíochta agus margaíochta d'eagraíochtaí agus comhlachtaí a chuireann seirbhísí agus acmhainní ar fáil do scoileanna agus mórphobal na Gaeilge seastán a bheith acu ag an gComhdháil Oideachais
- Acmhainní do scoileanna de réir éilimh le Cúrsa Gaeilge do Thuismitheoirí a sholáthar

### Imeachtaí Idirscoile

Is iad an dá thionscadal is mó atá ag an eagraíocht sa réimse Forbairt Scoilphobail faoi láthair ná na hImeachtaí Idirscoile agus an comórtas Scléip. I measc na mbuntáistí a bhaineann leis an scéim imeachtaí idirscoile, tá comhoibriú idirscoile á neartú agus deiseanna a chothú do pháistí páirt a ghlacadh in imeachtaí trí Ghaeilge le scoileanna eile. Tá samplaí ar fáil ón oifig agus ar shuíomh gréasáin na heagraíochta den chineál imeachta a d'fhéadfaí a reáchtáil don bhliain 2012-2013.

### Scléip

Ritheadh an comórtas tallainne do na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, *Scléip,* i gcéad leath na bliana 2012. Reáchtáladh babhta réigiúnach i ngach cúige agus ghlac 21 iarbhunscoil agus níos mó ná 500 dalta páirt sa chomórtas, sin 170 léiriú éagsúil ar stáitse thar an gceithre lá! Tugadh buaiteoirí na mbabhtaí sin le chéile san Amharclann Axis, Baile Átha Cliath don chraobh le linn mhí an Mhárta.

Léiríodh caighdeán an-ard de chur i láthair ó na daltaí agus beimid ag súil le caighdeán chomh hard céanna nó níos airde sa chéad chomórtas eile, a bheidh dírithe go mór ar na healaíona nuaaimseartha agus ar chumadóireacht agus cruthaitheacht na ndaltaí. Guímid gach rath ar na hiomaitheoirí uile a bhí againn go dtí seo agus go raibh fada buan a gcuid tallainne!

Rinne Fiachna Ó Braonáin agus Raven Productions 5 chlár do Raidió na Gaeltachta as na babhtaí agus craobh Scléip 2012 agus craoladh iad i mí an Mheithimh agus Iúil 2012. Bhí an-tóir orthu agus tá iarratas á dhéanamh ag Raven Productions ar mhaoiniú ó Údarás Craolacháin na hÉireann le sraith clár eile a thaifeadadh do Raidió na Gaeltachta i mbliana.
Fuair Scléip 2012 tacaíocht ó Raidió na Gaeltachta, Conradh na Gaeilge, Raidió na Life, Gael Linn, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Spleodar, Coláiste Mhuire Marino, Seachtain na Gaeilge, agus Raidió RíRá agus tá súil againn go mbeidh tacaíocht ar fáil dó arís ó mhórphobal na gaelscolaíochta agus na Gaeilge i mbliana.

Beidh taispeántas ag an gComhdháil oíche Aoine ó Sinéad Toomey (Gaelcholáiste Luimnigh) agus Kym Gartry (Coláiste de hÍde, Tamhlacht) a bhuaigh duaiseanna i Scléip 2012 agus táimid anbhuíoch díobh as bheith toilteanach a gcuid ceoil a roinnt linn.

### Nótaí beag buíochais agus Comhghairdis!

### Buíochas le Bord Stiúrtha

Thar ceann na foirne, is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an mBord Stiúrtha as a thacaíocht leanúnach don fheidhmeannas. Táimid an-bhuíoch den Uachtarán, Máirín Ní Chéileachair, a sheas isteach sa ról dúshlánach seo agus a léiríonn












ardchumas agus ceannaireacht den scoth. Ár mbuíochas le gach ball den bhord a chuireann iad féin ar fáil dúinn go fial flaithiúil.

## Buíochas leis an bhFoireann

Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann as a gcumas, a ndúthracht, a gcúnamh agus a ndíograis ar bhonn leanúnach agus iad i mbun a gcuid dualgas. Bhí an-aiféala orainn slán a fhágáil le Clare Walsh le linn mhí Mheán Fómhair i ndiaidh blianta de sheirbhís den scoth. Guímid gach rath uirthi ina ról nua. Bhí ualach mór oibre sa bhreis ar gach ball den fhoireann, ar Nóra go háirithe, agus mé ar shaoire mháithreachais agus táim fíorbhuíoch as toilteanas agus comhoibriú na foirne go léir i gcónaí.

## Buíochas le Foras na Gaeilge

Táimid an-bhuíoch d'Fhoras na Gaeilge as an maoiniú a ceadaíodh go Meitheamh 2013 chun gur féidir linn leanúint ag feidhmiú mar eagraíocht náisiúnta chomhordaithe agus tacaíochta do na scoileanna lán-Ghaeilge. Gabhaimid buíochas ar leith le Seán Ó Coinn agus le Joe Ó Coinne as an gcomhoibriú agus an gcúnamh leanúnach.

Is mian liom freisin thar ceann an eagrais comhghairdeas a dhéanamh le gach **príomhoide nua ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.** Beimid ag súil go mór leis an deis gach tacaíocht na heagraíochta a chur ar fáil daoibh agus sibh ag saothrú an ghoirt sa ról nua. Go raibh fada buan sibh.

Bláthnaid agus foireann GAELSCOILEANNA TEO.
Samhain 2012



# Tuairisc an Rúnaí 2012



Reáchtáladh cruinnithe ag leibhéal an Bhoird Stiúrtha ó Chomhdháil 2011 i leith ar na dátaí seo a leanas: 14 Nollaig 2011, 21 Eanáir 2012, 25 Feabhra 2012, 24 Márta 2012, 27 Aibreán 2012, 8 Meitheamh 2012, 1 Meán Fómhair 2012 agus 13 Deireadh Fómhair 2012.

Bliain dhúshlánach a bhí ann do Bhord Stiúrtha GAELSCOILEANNA TEO. ag treorú phlean oibre na bliana idir bhunú, bhuanú agus fhorbairt scoilphobail. Osclaíodh Gaelscoil an Chuilinn i Mullach Eadrad le beirt bhall foirne agus 15 dhalta i mí Mheán Fómhair 2012. Tá an eagraíocht i mbun plé leanúnach leis an Roinn maidir leis na ceantair uile atá aitheanta ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal do sholáthar nua agus lenár n-éileamh go mbeidh an ghaelscolaíocht mar bhunchritéar sa phróiseas aitheantais scoile.

Le roinnt mhaith blianta anois tá athstruchtúrú maoinithe á dhéanamh ar na heagraíochtaí in earnáil dheonach na Gaeilge atá bunmhaoinithe ag Foras na Gaeilge. Idir aighneachtaí ón eagraíocht féin GAELSCOILEANNA TEO., ó phobail na ngaelscoileanna, ó na heagraíochtaí agus ó phobal na hearnála i gcoitinne cuireadh deireadh leis an Scéim Nua Mhaoinithe. Tá GAELSCOILEANNA TEO., i gcomhar leis an bhFóram (guth aontaithe na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe), ag comhoibriú agus ag plé leis an bhForas ar bhonn leanúnach chun go mbeidh an toradh is fearr agus is éifeachtaí d'earnáil na Gaeilge ann. Tuigtear gurbh é an múnla nua molta ná go mbeidh sé cheanneagraíocht freagrach as an teanga i réimsí éagsúla. I gcomhthráth leis an bplé faoin athstruchtúrú maoinithe tá comhchainteanna ar siúl i gcónaí idir GAELSCOILEANNA TEO. agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo. maidir le féidearthachtaí cónasctha idir an dá eagras. Cinneadh i mbliana comh-chomhdháil le ESG a thionól i nGaillimh le clár a chlúdóidh riachtanais uile na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Reáchtáladh roinnt seimineár lae agus ceardlann oiliúna i rith na bliana. Eagraíodh seimineár ar fhorbairt na matamaitice sa chóras tumoideachais sna scoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath ar an 21 Márta 2012. Rinneadh oiliúint ar na Boird Bhainistíochta a eagrú i gcomhpháirt leis an bhForas Pátrúnachta le linn mhí Bealtaine agus beidh a thuilleadh oiliúna á eagrú le linn na scoilbhliana 2012-2013. Arís i mbliana bhí an-éileamh ar na himeachtaí idirscoile. Reáchtáladh comórtas tallainne na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, Scléip, i rith na bliana agus d'éirigh thar barr leis. Beidh taispeántas ag an gComhdháil oíche Aoine ó bhuaiteoirí Scléip sna rannóga amhránaíochta sinsir agus sóisir.

Bhí GAELSCOILEANNA TEO. lárnach i bhfeachtas chun iar-bhunscoil nua lán-Ghaeilge a bhunú i Maigh Nuad le linn na bliana. Níos luaithe sa bhliain scaipeadh ceistneoirí ar na scoileanna maidir le clár oibre agus pleananna straitéiseacha na heagraíochta a chomhlíonadh. Tá Plean Straitéiseach 2008-2011 á athnuachan i láthair na huaire bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí úd. Tá an nuachtlitir leictreonach á foilsiú gach ráithe ar an suíomh agus tríd an gcóras ríomhphoist chuig gach scoil lán-Ghaeilge ar bhonn 32 Contae. Foilsíodh an Lámhleabhar do Phríomhoidí Nua i mbliana - lámhleabhar a d'eascair as comhthionscadal idir an Foras Pátrúnachta agus GAELSCOILEANNA TEO.

I mbliana bunaíodh fochoiste/grúpa oibre nua ar 'Forbairt Scoilphobail', ceann de phríomhréimsí oibre GAELSCOILEANNA TEO. Scaipeadh suirbhé 'An Ghaeilge agus Pobal na Scoile' ar phobal uile na scoileanna chun cabhrú leis an eagraíocht treoirleabhar a ullmhú ar 'Forbairt Scoilphobail'. An aidhm is mó atá leis an seisiún ransaithe smaointe ar

an ábhar seo ná na tuairimí agus na cleachtais ar fad maidir le cúrsaí pobail a bhailiú ó lucht riartha agus múinteoirí na Scoileanna lán-Ghaeilge. Pléifear aiseolas ón taighde seo ag ár gComhdháil ar an 23 Samhain 2012 agus táimid ag súil go mór le torthaí agus anailís an taighde.

Gabhaim buíochas leis an Uachtarán, leis an mBord Stiúrtha, le foireann GAELSCOILEANNA TEO. agus le pobal uile na scoileanna agus muid ag ullmhú do Chomh-chomhdháil Oideachais spéisiúil eile dar téarma Féinmheastóireacht, Forbairt, Feabhas.

**Yvonne Ní Mhurchú**
**Rúnaí don Bhord Stiúrtha**

## Tinreamh ar na Cruinnithe den Bhord Stiúrtha 2011-2012

| | |
|---|---|
| Máirín Ní Chéileachair | 8/8 |
| Pádraig Ó Duinneacha | 6/8 |
| Yvonne Ní Mhurchú | 8/8 |
| Clodagh Ní Mhaoilchiaráin | 8/8 |
| Dealgan Ó Ciarubháin | 8/8 |
| Cathnia Ó Muircheartaigh | 6/8 |
| Mícheál Ó Broin | 6/8 |
| Seán Mag Oireachtaigh | 7/8 |
| Cathal Ó Luain | 7/8 |
| Seán Ó Nuanáin | 4/8 |
| Deirdre Nic Gabhann | 8/8 |
| Póla Ní Chinnsealaigh | 8/8 |
| Fíona Uí Uiginn | 5/8 |
| Hazel Ní Phiogóid | 6/8 |
| Norma Ní Chonchúir | 7/8 |
| Elaine Ní Shé | 5/8 |



# Dréacht-Mhiontuairiscí
## Cruinniú Cinn Bhliana 26 Samhain 2011

### Miontuairiscí 2010
Díríodh aird an tslua ar na miontuairiscí ó Chruinniú Cinn Bhliana 2010
Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin.
Tacaithe: Mícheál Ó Duibh

### Tuairisc an Rúnaí
Cuireadh Tuairisc an Rúnaí 2010 i láthair an chruinnithe.

### Cuntais na Bliana
Cuireadh na cuntais iniúchta 2010 i láthair an chruinnithe.

### Tuairisc na hEagraíochta 2010 agus Tuairisc ar na Rúin 2009.
Chuir Bláthnaid Tuairisc na hEagraíochta 2011 agus Tuairisc ar na Rúin ó ritheadh an Cruinniú Cinn Bhliana 2010 i láthair an chruinnithe. Tugadh léargas ar obair na heagraíochta ó Chomhdháil Bhliantúil 2010 de réir na rún a ritheadh ag Cruinniú Cinn Bhliana 2010 agus de réir 3 phríomhréimse oibre na heagraíochta: Bunú Scoileanna, Buanú Scoileanna agus Forbairt Scoilphobail. Ghabh Bláthnaid buíochas le Mícheál Ó Broin atá ag éirí as an Uachtaránacht as a dhílseacht agus a thiomantas don eagraíocht le sé bliana anuas.

### Na Toghcháin

### Toghchán na nOifigeach
Uachtarán: Mairín Ní Chéileachair, tofa gan iomaíocht.
Chuaigh Máirín Ní Chéileachair sa chathaoir don chuid eile den chruinniú cinn bhliana.
Leas-Uachtarán: Pádraig Ó Duinneacha, tofa gan iomaíocht.
Rúnaí: Yvonne Ní Mhurchú, tofa gan iomaíocht.
Leas-Rúnaí: Clodagh NíMhaoilchiaráin, tofa gan iomaíocht.
Cisteoir: Dealgan Ó Ciarubháin, tofa gan iomaíocht.
Oifigeach Caidrimh Phoiblí: Cathnia Ó Muircheartaigh, tofa gan iomaíocht.
Oifigeach Polasaí agus Pleanála: Mícheál Ó Broin, tofa gan iomaíocht.

### Toghchán na nGnáthstiúrthóirí
Mhol an tUachtarán go dtoghfaí an 9 n-iarrthóir mar ghnáthstiúrthóirí. Tacaíodh leis an moladh seo.

Toghadh na 9 n-iarrthóir seo a leanas d'aon ghuth:-

Norma Ní Chonchúir
Deirdre Nic Gabhann
Hazel Ní Phiogóid
Seán Mag Oireachtaigh
Cathal Ó Luain
Póla Ní Chinnsealaigh
Fíona Uí Uiginn
Elaine Ní Shé
Seán Ó Nuanáin

## Na Rúin

Na Rialacha Seasta – Díríodh aird gach duine ar na rialacha seasta agus míníodh nach bhfuil cead vótála ach ag baill chláraithe amháin.
Cuireadh na rúin os comhair an chruinnithe mar seo a leanas:

### Rún 1:
Molta: Mícheál Ó Broin
Tacaithe: Pádraig Ó Duinneacha
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

### Rún 2:
Molta: Mairín Ní Chéileachair
Tacaithe: Seán Mac Oireachtaigh
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

### Rún 3:
Molta: Mícheál Ó Broin
Tacaithe: Seán Ó Láimhín
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

### Rún 4:
Molta: Cathnia Ó Muircheartaigh
Tacaithe: Conall Ó Cruadhlaoich
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

### Rún 5:
Molta: Mícheál Ó Broin
Tacaithe: Seán Ó hÁrgáin
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

### Rún 6:
Molta: Conall Ó Cruadhlaoich
Tacaithe: Cathnia Ó Muircheartaigh
Ritheadh an rún d'aonghuth.

### Rún 7:
Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Tacaithe: Máirín Ní Chéileachair
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

### Rún 8:
Molta: Mícheál Ó Broin
Tacaithe: Cathal Ó Luain
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

**Rún 9:**
Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Tacaithe: Hazel Ní Phiogóid
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

**Rún 10:**
Níor mhol aon duine an rún seo.

**Rún 11:**
Molta: Mícheál Ó Broin
Tacaithe: Máirín Ní Cheileachair
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

**Rún 12:**
Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Tacaithe: Seán Ó hÁrgáin
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

**Rún 13:**
Molta: Elaine Ní Shé
Tacaithe: Deirdre Nic Gabhann
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

**Rún 14:**
Molta: Cathnia Ó Muircheartaigh
Tacaithe: Hazel Ní Phíogóid
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

**Rún 15:**
Molta: Máirín Ní Chéileachair
Tacaithe: Seán Mac Oireachtaigh
Ritheadh an rún d'aon ghuth.





Chuir an tUachtarán nua, Máirín Ní Chéileachair deireadh oifigiúil leis an gComhdháil agus ghabh sí buíochas le gach duine as a rannpháirtíocht ag an gComhdháil. Rith sí rún buíochais freisin leis an gcoiste áitiúil agus le Gaelscoil Eiscir Riada agus le Gaelscoil Éadan Doire as a gcuid tacaíochta agus cabhrach le heagrú na comhdhála den scoth.

Moladh go gcuirfeadh an eagraíocht aighneacht faoi bhráid na Roinne ar chúrsaí cóimheasa.

Ghabhadh rún buíochais le Conall Ó Cruadhlaoich, Alison Carruth agus Mícheál Ó Duibh as a ndílseacht agus a gcuid tacaíochta i gcónaí mar bhaill den Bhord Stiúrtha ar ócáid a n-imeachta ón mBord Stiúrtha.

Rinne Bláthanaid Ní Ghréacháin comhghairdeas leis an Uachtarán nua, Máirín Ní Chéileachair.

Ritheadh rún comhbhróin le muintir Uí Chadhain ar bhás Shorcha. Bhí Sorcha ag múineadh i nGaelscoil Chluain Dolcáin agus i nGaelscoil Chaitlín Maude.

Scor an cruinniú.





GAELSCOILEANNA TEORANTA
(Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta
Gan Scairchaipteal)

Halla Naomh Phádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Gríofa
Baile Átha Cliath 9

# Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2011

Gaelscoileanna

# CLÁR




29 Eolas

30 Tuarascáil na Stiúrthóirí

31 Freagrachtaí Stiúrthóirí

32 Tuarascáil an Iniúchóra

34 Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

35 Clár Comhardaithe

36 Nótaí ar na Cuntais

38 Ráiteas Sreabhadh Airgid

# Eolas

| | |
|---|---|
| Stiúrthóirí | Uachtarán Máirín Ní Chéileachair<br>Pádraig Ó Duinneacha<br>Mícheál Ó Broin<br>Cathnia Ó Muircheartaigh<br>Yvonne Ní Mhurchú<br>Clodagh Ní Mhaoilchiaráin<br>Dealgan Ó Ciarubháin<br>Seán Mag Oireachtaigh<br>Cathal Ó Luain<br>Seán Ó Nuanáin<br>Deirdre Nic Gabhann<br>Póla Ní Chinnsealaigh<br>Fíona Uí Uiginn<br>Hazel Ní Phiogóid<br>Norma Ní Chonchúir<br>Elaine Ní Shé |
| Rúnaí | Yvonne Ní Mhurchú |
| Oifig Chláraithe | Halla Naomh Phádraig<br>Institiúid Oideachais Marino<br>Ascaill Uí Ghríofa<br>Baile Átha Cliath 9 |
| Uimhir Chláraithe | 317146 |
| Baincéirí | Bainc Aontas Éireann<br>40/41 Sráid an Fheistí<br>Baile Átha Cliath 2 |
| Iniúchóir | Dáithí Ó Maolchoille<br>Cuntasóir Cairte agus<br>Iniúchóir Cláraithe<br>75 Páirc Weston<br>Baile an Teampaill<br>Baile Átha Cliath 14 |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí
## Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2011

Cuireann na stiúrthóirí a ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 faoi bhráid na gcomhaltaí.

### Athbhreithniú ar Imeachtaí na Bliana
Is scátheagraíocht í an chuideachta a chomhordaíonn agus a thugann tacaíocht do Ghaelscoileanna ar fud na tíre.

### Torthaí na Bliana agus Staid Cúrsaí ar 31 Nollaig 2011
Tá an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an Clár Comhardaithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 ar leathanaigh 8 go 12. Tá toradh na bliana le léamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar leathanach 8. Tá staid chúrsaí na cuideachta léirithe ar an gClár Comhardaithe ar leathanach 9.

### Stiúrthóirí
Ar 26 Samhain 2011 d'éirigh Mícheál Ó Duibh, Alison Carruth agus Conall Ó Cruadhlaoich as an mBord Stiúrtha.

De réir na nAirteagal Comhlachais éiríonn na stiúrthóirí go léir as oifig ag an gcruinniú cinn bhliana agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith atofa. Éiríonn an tUachtarán as oifig gach dara bliain agus é/í a bheith inainmnithe, cuireann sé/sí é/í féin ar fáil le bheith atofa.

Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.

### Imeachtaí Tábhachtacha Ó Dheireadh na Bliana
Ní raibh aon imeachtaí tábhachtacha a bhaineann leis an gcuideachta ó dheireadh na bliana.

### Forbairtí Amach Anseo sa Ghnóthas
Leanfaidh an chuideachta ag feidhmiú faoi mar atá sí faoi láthair sa bhliain seo chugainn.

### Leabhair Chuntais
Is iad na céimeanna a ghlacann na stiúrthóirí chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil coinníollacha Ailt 202 de Acht na gCuideachtaí 1990, faoi leabhair chuntais chuí, á gcomhlíonadh ná: na polasaithe agus na nósmhaireachtaí riachtanacha a fheidhmiú chun idirbhearta a chlárú; foireann chuntasaíochta chumasach, le taithí oiriúnach, a fhostú; agus dóthain acmhainní a sholáthar chun chúram a dhéanamh de na cuntais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Oifig Chláraithe na Cuideachta.

### Iniúchóir
Chuir Dáithí Ó Maolchoille, Cuntasóir Cairte agus Iniúchóir Cláraithe, in iúl go bhfuil sé toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 160(2), Acht na gCuideachtaí 1963.

Ar son na stiúrthóirí
Máirín Ní Chéileachair
Dealgan Ó Ciarubháin
Stiúrthóirí
26 Aibreán 2012

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí
## Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2011

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

De réir dlí cuideachta tá iallach ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na cuideachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,

- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na cuideachta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas bheith deimhin de go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Ar son na stiúrthóirí
Máirín Ní Chéileachair
Dealgan Ó Ciarubháin
Stiúrthóirí
26 Aibreán 2012

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do na Comhaltaí

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de Ghaelscoileanna Teoranta don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2011 ar a n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Iomlán Admhaithe, Ráitis Sreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara ar leathanaigh 6 go 10. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

Is do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, faoi réir Alt 193 de Acht na gCuideachtaí 1990 a dhéantar an tuarascáil seo. Chuaigh mé i mbun na hoibre iniúchta go bhféadfainn a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orm a lua i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht do dhuine ar bith seachas don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as mo obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu.

### Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Iniúchóra Faoi Seach

Mar atá leagtha amach san Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir dhlíthe oiriúnacha agus na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Iniúchóireachta agus atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn).

Is é an dualgas atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh faoi réir na riachtanas dlíthiúla agus rialaitheacha gaolmhara agus na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Éire).

Tugaim tuairisc ar mo thuairim daoibh faoi fhírinne agus faoi chothromas an léargais a thugann na ráitis airgeadais, faoi réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, agus cé acu ar ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tuairiscím daoibh freisin mo thuairim faoi na hábhair seo a leanas: cé acu ar choimeád nó nár choimeád an chuideachta leabhair chuntais cearta agus an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais. Thairis sin, deirim cé acu an bhfuair mé nó nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe riachtanacha uile chun críche mo iniúchta, agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tugaim tuairisc daoibh freisin, más é mo thuairim é, nach bhfuil eolas a éilítear de réir dlí maidir le luach saothair agus le bearta na stiúrthóirí tugtha agus, más féidir, tugaim an t-eolas sin i mo thuarascáil.

Léim tuarascáil na stiúrthóirí agus cuirim ar an meá na himpleachtaí do mo thuarascáil má mheasaim cuma mhíchruinn a bheith ar aon ráiteas inti.

## Bunús Thuairim an Iniúchta

Rinne mé mo iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Cleachtais Iniúchóireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na faisnéisithe sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breitheanna a thug na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, mar aon le measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta do chúinsí na cuideachta, agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad.

Rinne mé mo iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá chun fianaise leordhóthanach a sholáthar dom le go mbeadh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leis. Le linn dom teacht ar mo thuairim rinne mé meastóireacht freisin ar dhóthanacht iomlán na slite inar léiríodh an fhaisnéis sna ráitis airgeadais.

Tá an t-iniúchadh déanta agam faoi réir choinníollacha Chaighdeán Eitice an Bhoird um Chleachtais Iniúchta lena n-áirítear Caighdeán Eitice an Bhoird um Chleachtais Iniúchta – Forálacha ar fáil d'Aonáin Bheaga, mar atá leagtha amach i nóta 6 de na ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí na cuideachta, faoi réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, mar a bhí ar an 31 Nollaig 2011 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin; agus

- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá i gcomhair mo iniúchta. Is é mo thuairim gur choimeád an chuideachta leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Dáithí Ó Maolchoille
Iniúchóir Cláraithe, Cuntasóir Cairte
Sínithe ar a shon agus thar a cheann:
Dáithí Ó Maolchoille
Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta
75 Páirc Weston, Baile Átha Cliath 14
26 Aibreán 2012

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
## Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2011

| | Nótaí | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ioncam | | 501,980 | 507,031 |
| Caiteachas | | (484,672) | (498,598) |
| Farasbarr oibreacháin ar ghnáthghníomhachtaí roimh cháin | 2 | 17,308 | 8,433 |
| Cáin ar fharasbarr ar ghnáthghníomhachtaí | 3 | - | - |
| Farasbarr ar ghnáthghníomhachtaí tar éis cánach | | 17,308 | 8,433 |
| **Farasbarr ag 1 Eanáir** | | 88,373 | 79,940 |
| **Farasbarr ag 31 Nollaig** | | 105,681 | 88,373 |

### RÁITEAS NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS IOMLÁN ADMHAITHE

Ní raibh gnóthachan ná caillteanas ar bith admhaithe seachas toradh coimeádta an bhliain airgeadais. Ní raibh gluaiseachtaí ar bith i gcistí na cuideachta i rith na bliana seachas toradh coimeádta na bliana airgeadais.

Ar son na stiúrthóirí
MÁIRÍN NÍ CHÉILEACHAIR
DEALGAN Ó CIARUBHÁIN
Stiúrthóirí

# Clár Comhardaithe
## ag 31 Nollaig 2011

| | Nótaí | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|---|
| SÓCMHAINNÍ SEASTA | 4 | - | - |
| SÓCMHAINNÍ REATHA | | | |
| Airgead sa bhanc | | 111,918 | 108,869 |
| CREIDIÚNAITHE (iníoctha laistigh de bhliain amháin) | | (6,237) | (20,496) |
| GLANSÓCMHAINNÍ REATHA | | 105,681 | 88,373 |
| SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA | | 105,681 | 88,373 |
| COMHDHÉANTA MAR A LEANAS | | | |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 105,681 | 88,373 |

Ar son na stiúrthóirí
MÁIRÍN NÍ CHÉILEACHAIR
DEALGAN Ó CIARUBHÁIN
Stiúrthóirí

# Nótaí ar na Cuntais
## Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2011

### 1. POLASAÍ CUNTASAÍOCHTA

**Gnás Cuntasaíochta**
Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an ghnás chéadchostais.

**Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe Dochta**
Soláthraítear dímheas ar na sócmhainní inláimhsithe go léir ag rátaí atá measta chun costas na sócmhainní, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar an tréimhse a mbíonn siad inúsáidte ar mhodh na líne dírí mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh oifige | 33 1/3 % per annum |

**Pinsin**
Tá leasanna pinsin maoinithe thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe mar ranníocaíochtaí do chiste faofa. Tá na ranníocaíochtaí curtha i gcoinne an chuntais Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse lena mbaineann siad.

### 2. FARASBARR OIBREACHÁIN AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ ROIMH CHÁIN

| | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|
| Léirítear na torthaí roimh cháin tar éis na gcostas seo leanas a íoc: | | |
| Táille iniúchóra – iniúchadh | 1,000 | 1,200 |
| – seirbhísí neamhiniúchóireachta | 1,000 | 1,000 |

### 3. CÁIN AR THORTHAÍ AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ

Tá stádas carthanúil faighte ag an gcuideachta ó na Coimisinéirí Ioncaim a thugann faoiseamh ó cháin i leith ioncaim nó ghnócháin chaipitiúla a úsáidtear agus atá inúsáidte chun críche aidhmeanna carthanúla amháin. Bronnadh an stádas sin ar an gcuideachta i litir ó na Coimisinéirí Ioncaim dar dáta 14 Feabhra 2000.

## 4. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE DOCHTA

| | Trealamh Oifige<br>€ |
|---|---|
| **Costas** | |
| Ag 1 Eanáir agus 31 Nollaig | 26,444 |
| **Dímheas** | |
| Ag 1 Eanáir | 26,444 |
| Muirear na bliana reatha | - |
| Ag 31 Nollaig | 26,444 |
| Glanmhéid | |
| 31 Nollaig 2011 | - |
| 31 Nollaig 2010 | - |

## 5. STÁDAS NA CUIDEACHTA

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal is ea an chuideachta.

## 6. SEIRBHÍSÍ CURTHA AR FÁIL AG AN INIÚCHÓIR NEAMHSPLÉACH

Dála a lán gnóthas eile ar chóimhéid agus den chineál céanna, cuidíonn ár n-iniúchóir linn na ráitis airgeadais a ullmhú, tuairisceáin bhliantúla a ullmhú agus a chur faoi bhráid Chlárann na gCara-Chumann agus tuairisceáin a ullmhú agus a chur faoi bhráid na n-údarás cánach.

## 7. GLACADH LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ar 26 Aibreán 2012 d'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh siad go n-eiseofaí iad.

# Ráiteas Sreabhadh Airgid

## Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2011

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| INSREABHADH GLAN AIRGID THIRIM Ó GHNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN | 3,049 | 11,998 |
| Méadú ar airgid tirim agus ar choibhéisí airgid thirim | 3,049 | 11,998 |
| ANAILÍS AR AIRGEAD AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID AGUS AR GHLUAISEACHTAÍ I RITH NA BLIANA | | |
| Airgead sa bhanc: | | |
| Ag tús na bliana | 108,869 | 96,871 |
| Insreabhadh airgid thirim | 3,049 | 11,998 |
| Ag deireadh na bliana | 111,918 | 108,869 |
| RÉITEACH IDIR FARASBARR NA BLIANA AGUS SREABHADH AIRGID THIRIM Ó GNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN | | |
| Farasbarr | 17,308 | 8,433 |
| (Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe | (14,259) | 3,565 |
| | 3,049 | 11,998 |

# Cuntas Oibriúcháin

## Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2011

| | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Deontas – Foras na Gaeilge | 461,184 | 481,723 |
| Ballraíocht | 7,174 | 7,448 |
| Fógraíocht/seastáin - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana | 4,345 | 5,190 |
| Táille - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana | 10,366 | 11,841 |
| Scléip | 353 | 2,010 |
| Nuachtlitir | 611 | 829 |
| Lámhleabhar – Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana | 1,391 | - |
| Lámhleabhar –seansoláthar ais-scríofa | 14,269 | - |
| Seimineár i 2010 – aisíoc | 2,640 | - |
| | 502,333 | 509,041 |
| **Caiteachas** | | |
| Tuarastail agus Préimheanna Pinsin | 307,419 | 302,662 |
| Costais agus Cothabháil | 23,846 | 31,237 |
| Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana | 33,374 | 33,211 |
| Cíos | 24,322 | 24,500 |
| Árachas | 1,205 | 1,266 |
| Costais Oifige | 23,777 | 26,265 |
| Ríomhaireacht | 916 | 4,429 |
| Táillí Bainc | 540 | 608 |
| Táillí Proifisiúnta | 9,775 | 9,426 |
| Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna | 11,000 | 13,471 |
| Oiliúint agus Earcaíocht Foirne | 1,485 | 450 |
| Scléip | 11,484 | 12,542 |
| Imeachtaí Idirscoileanna | 18,750 | 19,674 |
| Foilseacháin/ Poiblíocht | 7,273 | 5,660 |
| Líonra Réigiúnach | 1,366 | 473 |
| Feachtais | 2,604 | - |
| Cúrsaí Forbairt Ghairmiúil Scoileanna | 5,889 | 6,230 |
| Seimineár do Choistí Bunaithe | - | 3,029 |
| Deontais Aistriúchán | - | 1,475 |
| Aistriúcháin ar Chonarthaí Scoile | - | 4,000 |
| | 485,025 | 500,608 |
| Farasbarr na bliana | 17,308 | 8,433 |

# Cuntas Oibriúcháin
## Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2011

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---:|---:|
| **Cuntas 1** | | |
| Ioncam | | |
| Deontas – Foras na Gaeilge | 461,184 | 481,723 |
| Fógraíocht/seastáin - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana | 4,345 | 5,190 |
| Nuachtlitir | 611 | 829 |
| Táille - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana | 10,366 | 11,841 |
| Scléip | 353 | 2,010 |
| Lámhleabhar – Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana | 1,391 | - |
| Lámhleabhar –seansoláthar ais-scríofa | 14,269 | - |
| Seimineár i 2010 – aisíoc | 2,640 | - |
| | 495,159 | 501,593 |
| Caiteachas | | |
| Tuarastail agus Préimheanna Pinsin | 307,419 | 302,662 |
| Costais agus Cothabháil | 23,846 | 31,237 |
| Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana | 32,874 | 32,611 |
| Cíos | 24,322 | 24,500 |
| Árachas | 1,205 | 1,266 |
| Costais Oifige | 23,777 | 26,265 |
| Ríomhaireacht | 916 | 4,429 |
| Táillí Bainc | 540 | 608 |
| Táillí Proifisiúnta | 9,775 | 8,926 |
| Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna | 11,000 | 13,471 |
| Oiliúint Foirne | 1,485 | 450 |
| Scléip | 11,484 | 12,542 |
| Imeachtaí Idirscoileanna | 18,750 | 19,674 |
| Foilseacháin/Caidreamh Poiblí | 7,273 | 5,660 |
| Líonra Réigiúnach | 1,366 | 473 |
| Feachtais | 2,604 | - |
| Cúrsaí Fhorbairt Ghairmiúil Scoileanna | 5,889 | 6,230 |
| Seimineár do Choistí Bunaithe | - | 3,029 |
| Deontais Aistriúchán | - | 1,475 |
| Aistriúcháin ar Chonarthaí Scoile | - | 4,000 |
| | 484,525 4 | 99,508 |
| Farasbarr na bliana –cuntas 1 | 10,634 | 2,085 |

| | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|
| **Cuntas 2** | | |
| Ioncam | | |
| Ballraíocht | 7,174 | 7,448 |
| Caiteachas | | |
| Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana | 500 | 600 |
| Táille Proifisiúnta | - | 500 |
| | 500 | 1,100 |
| Farasbarr na bliana –cuntas 2 | 6,674 | 6,348 |

# Nótaí

# Nótaí

# Nótaí